**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

# An Ardteistiméireacht 2012

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH

**Gnáthleibhéal**

## Réamhrá Ginearálta

- Tá an measúnú ar Oideachas Reiligiúnach san Ardteistiméireacht Gnáthleibhéil bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinne de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh don Ardteistiméireacht a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2003.

- Nuair a ghrádaítear marc i scéim mharcála an scrúdaithe, bronntar an marc do fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó shármhaith go han-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag agus gan grád ar bith.

- Níl na 'Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann' a chuirtear i láthair sa scéim mharcála seo iomlán ná uileghabhálach. Déanfar pointí ábhartha breise a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais.

## AONAD A hAON

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR DHÁ CHEANN DE NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

**ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA** *Marcanna*

**Ceist 1.**

1 1 a) **Samhlaigh go bhfuil Arastatail beo inniu agus agallamh á thabhairt aige faoi na prionsabail a chomhdhéanann an domhan fisiceach ina mairimid. Agus é bunaithe ar an eolas atá agat ar smaointe Arastatail, tabhair breac-chuntas ar cad a cheapann tú a d'fhéadfadh sé a rá faoina theoiric maidir le hábhar agus foirm.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar smaointeoireacht fhealsúnach na Sean-Ghréige trí eolas cruinn a thabhairt ar cheann amháin de smaointe fealsúnacha Arastatail faoina theoiric maidir le hábhar agus foirm.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- D'fhorbair Arastatal an smaoineamh go bhfuil gach ní comhdhéanta d'ábhar agus d'fhoirm arb ionann a dtábhacht agus nach féidir iad a dheighilt etc.

- D'aithin smaoineamh Arastatail maidir le hábhar agus foirm eisint ruda i.e. an rud a fhágann go bhfuil sé uathúil e.g. 'crannúlacht' agus a fhordhreach araon i.e. na saintréithe fisiciúla a léiríonn sé e.g. 'crainn darach' etc.

- D'fhorbair Arastatal an teoiric maidir le hábhar agus foirm a aithníonn go bhfágann an eisint ruda agus a theorannú fisiceach uathúil é. Tá cuid de gach rud a fhanann mar atá sé agus tá cuid de gach rud a athraíonn etc.

- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**Ceist 1.**

**1 1 b) Mínigh conas a tháinig an eolaíocht faoi thionchar smaoineamh amháin ar bith de chuid Arastatail.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar smaointeoireacht fhealsúnach na Sean-Ghréige trí chuntas cruinn a thabhairt ar an bpróiseas trínar tháinig an smaointeoireacht eolaíoch agus prionsabail eolaíocha faoi thionchar smaoineamh amháin ar bith de chuid Arastatail.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Leagadh na boinn le haghaidh modh eolaíoch breathnóireachta le smaoineamh Arastatail go bhfuil dhá bhealach ina bhféadtar eolas a bheith ag duine i.e. tríd an intleacht agus trí na céadfaí; na rudaí a fheicimid agus a chloisimid. Trínár gcéadfaí, foghlaimímid faoi na gnéithe de rudaí atá ag athrú agus, trínár n-intleacht, tuigimid go rudaí ag fanacht gan athrú. Shíl Arastatal gur cheart go bhféadfaí gach rud sa dúlra a scrúdú agus a bheith faoi réir réasúin etc.

- Léiríonn anailís eolaíoch ar nádúr na cúisíochta tionchar smaointe Arastatail mar go raibh sé ar an gcéad duine a d'aithin go bhfuil ceithre bhealach difriúla ann leis an gceist 'cad chuige' a chur. Tugann teoiric chúisíochta Arastatail míniú ar shubstaint i dtéarmaí a hábhair (cúis ábharach), a foirme nó a eisinte (cúis fhoirmiúil), a tuismíochta (cúis éifeachtach), agus a feidhme (an chúis dheiridh). Shíl sé gur cheart breathnóireacht trí na céadfaí na ceithre chúis a chur san áireamh: an comhdhéanamh, an cruth (nó foirm), an ghluaisne (nó athrú) agus an toradh deiridh (nó cuspóir) etc.

- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 - 17 | 16 - 14 | 13 - 11 | 10 - 8 | 7 - 5 | 4 - 2 | 1 - 0 | 20M |

**Ceist 2.**

1 **2 a) Bíonn slite éagsúla ag daoine chun an t-eispéireas daonna a thuiscint –** **20** *Grádaithe*

**● AN NAOFACHT ●AN MISTEACHAS ●AN FHÁIDHIÚLACHT**

**Déan cur síos ar shampla de cad atá i gceist i gceann amháin de na slite thuas chun an t-eispéireas daonna a léirmhíniú.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an bhfreagairt reiligiúnach don eispéireas daonna trí chuntas cruinn a thabhairt ar an dóigh a mbaineann daoine an chiall as an eispéireas daonna mar a bheadh sé naofa *nó* mistiúil *nó* fáidhiúil.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An Naofacht – baineann an duine ciall as an eispéireas daonna agus tuigeann sé/sí go mbíonn teagmhais saoil diaga. I ngnátheispéiris an tsaoil agus in eispéiris neamhghnácha an tsaoil, teagmhaíonn duine leis an diagacht. Nuair a mheastar an saol a bheith naofa, déantar ócáidí speisialta i saol an duine a cheiliúradh trí dheasghnáth agus trí urnaí etc.

- An Misteachas – iarrann an duine aithne a fháil ar Dhia/an tarchéimnitheacht i mbealach pearsanta dian trí bheith ag gabháil ar aistear istigh. D'fhéadfadh an duine a (h)iompar, a d(h)earcthaí nó a stíl mhaireachtála a athrú d'fhonn an diagacht/an tarchéimnitheacht a chleachtadh ar bhealach domhain pearsanta etc.

- An Fháidhiúlacht – tugann creidimh reiligiúnacha spreagadh don duine beachtaíocht na sochaí ina gcónaíonn sé/sí a scrúdú. Teagmhaítear leis an diagacht/an tarchéimnitheacht agus duine ag gníomhú le haghaidh domhan cothrom cuimsitheach; obair le daoine imeallaithe etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**Ceist 2.**

**1 2 b) Mínigh dhá chúis a bhféadfadh sé a bheith deacair ar dhaoine brí na beatha a chuardach sa lá atá inniu ann.** **20** (10Mx2) *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar na tosca a fhéadann cosc a chur ar an gcuardach ar bhrí na beatha trí chuntas cruinn a thabhairt ar dhá fháth a bhféadfadh sé a bheith deacair ar dhaoine deacracht brí na beatha a chuardach sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An gá bunúsach daonna chun marthana e.g. mura gcomhlíontar an gá le bia, d'fhéadfadh sé seo intinn an duine a ghabháil.

- Dearcadh tomhaltach nó ionstraimeach i leith an tsaoil e.g. nuair a mheastar rath i dtéarmaí ábhartha nó airgeadaíocha, ní fhágann sé sin mórán spáis le haghaidh na ngnéithe caidreamhacha, spioradálta nó eiticiúla de shonas an duine etc.

- Héadónachas e.g. tá barraíocht suime ag duine i dtaitneamh a bhaint as an saol agus i bhfaisean an lae inniu a leanúint d'fhonn smaoineamh ar an gcuardach ar bhrí agus luachanna etc.

- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 > | 2 > | 1 > 0 | 10Mx2 |

**Ceist 3.**

**1 3 a) Déan cur síos ar phríomhsmaoineamh amháin a bhfuil baint aige leis an daonnachas.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an gcruinneshamhail trí chuntas a thabhairt ar cheann amháin de phríomhsmaointe an daonnachais.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An smaoineamh daonnachach gur féidir mórcheisteanna an tsaoil a fhreagairt trí réasún agus eolaíocht gan aon tagairt d'ardchumhacht etc.
- Smaoineamh an sceipteachais i.e. tuairim maidir le saincheist a cheistiú agus a choinneáil siar sula ndéantar cinneadh, mar go ndéanfar na cinntí is fearr má fhéachann duine ar gach taobh d'argóint etc.
- Smaoineamh Albert Camus gurb é cuspóir an tsaoil brí a chruthú agus go gcruthófar sochaí bhríoch nuair a oibríonn daoine chun meas a thabhairt do dhínit gach duine aonair etc.
- An smaoineamh daonnachach go bhfuil sonas an chine dhaonna ag brath ar dhaoine in ionad reiligiúin agus dogma etc.
- Etc.

*Tabhair ar aird*: Tugann iarrthóir cuntas cruinn ar chruinneshamhail ach ní dhéantar aon tagairt do phríomhsmaoineamh a bhfuil baint aige le daonnachas – téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**Ceist 3.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | 3 b) | **Mínigh conas a d'fhéadfadh smaoineamh ar bith a bhfuil baint aige leis an daonnachas cabhrú le duine agus é/í ag cuardach bhrí na beatha sa lá atá inniu ann.** | **20** *Grádaithe* |

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar chruinneshamhail trí chuntas cruinn a thabhairt ar an próiseas trína bhféadfadh aon smaoineamh a bhfuil baint aige le daonnachas cabhrú le duine agus é/í ag cuardach bhrí na beatha sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- D'fhéadfadh an smaoineamh daonnachach maidir le réasún agus eolaíocht a úsáid chun ceisteanna brí a fhreagairt cabhrú le daoine mar go bhféadfadh sé spreagadh a thabhairt do dhaoine smaoineamh as a stuaim féin agus na rudaí a fhoghlaimíonn siad ón eolaíocht a fheidhmiú maidir le mórcheisteanna an tsaoil etc.

- Bhí Desiderius Erasmus den tuairim go bhféadfaí brí na beatha a aimsiú i gcumas an duine d'fhéinfheabhsú trí oideachas. Ba dhaonnachaí Críostaí é Erasmus a bhreathnaigh ar Íosa Críost mar eiseamláir dá fhís ar an duine etc.
- Bhí Albert Camus den tuairim go bhféadann daoine brí a chruthú agus a bheith sona. D'áitigh sé ar dhaoine ceartas agus dlúthpháirtíocht a shaothrú. Bhí Camus den tuairim go bhféadfaí sochaí bhríoch a bhaint amach a luaithe is a d'aithneofaí dínit gach duine aonair agus a bheadh meas ar intleacht an duine ann.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

## AONAD A DÓ

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR DHÁ CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

**ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA** *Marcanna*

**2 B a) Déan cur síos ar an gcaoi a raibh súil ag an bpobal Giúdach a bheadh ar Ríocht Dé in aimsir Íosa.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar an gcomhthéacs reiligiúnach sa Phalaistín in aimsir Íosa trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a raibh súil ag an bpobal Giúdach a bheadh ar Ríocht Dé in aimsir Íosa.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Chreid muintir Iosrael gur gheall Iáivé/YHWH d'Abrahám go mbeadh a shliochtaigh ina náisiúin iontacha, Ríocht Dé (Gein 17:5-6). Ós rud é go raibh Iáivé/YHWH tarchéimnitheach, gur chruthaigh sé gach rud agus gur chothaigh sé náisiún na nGiúdach, chreid siad gur Rí amháin Iosrael eisean agus eisean amháin. De réir a chéile, áfach, bhí siad den tuairim go raibh rí ón saol seo de dhíth orthu, rí a rialódh iad le ceartas Iáivé/YHWH agus a bheadh mar ionadaí Iáivé/YHWH i measc an phobail. Timpeall ar aimsir Rí Dáiví, bhí creideamh ann go n-ardófaí mac Dháiví lá amháin a ligfeadh d'Iáivé/YHWH rialú agus a shíocháin a thabhairt chuig an tír leis etc.

- Bhí na Fairisínigh ag brath ar Mheisias todhchaíoch a chuirfeadh Iáivé/YHWH ann chun iad a fhuascailt ó rialú Rómhánach agus Ríocht Dé a athbhunú i measc mhuintir Iosrael etc.

- Theagaisc Raibithe don phobal Giúdach gur cheart dóibh maireachtáil ar nós dá mbeadh Ríocht Iáivé/YHWH ann cheana féin. D'iarr siad ar aithrí agus tiontú (aithreachas) chun pobal Iosrael a chosaint ar rialú Rómhánach etc.

- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 B b) Tabhair breac-chuntas ar chaoi amháin a raibh an tuiscint ar Ríocht Dé i dteagasc Íosa difriúil leis an rud a raibh ag súil leis ag an bpobal Giúdach a ndearna tú cur síos orthu i gcuid *a)* thuas.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*

Taispeánfar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar Ríocht Dé i dteagasc Íosa trí eolas cruinn a leagan amach ar chaoi amháin a raibh teagasc Íosa faoi Ríocht Dé difriúil leis an rud a raibh súil leis ag an bPobal Giúdach in aimsir Íosa.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Theagaisc Íosa go ndéantar 'Ríocht Dé' a iompar i gcroí na ndaoine agus go mbaineann sí leis an dóigh a maireann daoine i gcaidreamh le Dia agus le daoine eile, cé go raibh an pobal Giúdach ag coinne go mbeadh an Meisias ina cheannasaí polaitíochta in Iosrael freisin. Chuaigh íomhá mhíleata an Mheisias in aghaidh shaol agus theachtaireacht Íosa. D'fhéadfaí go raibh doicheallacht Íosa an teideal Meisias a úsáid mar gheall ar an raon leathan ionchas sochpholaitiúil a bhí bainteach leis (Mc 8:31). Léirigh Íosa go raibh i 'Ríocht Dé' ionad slánaithe do gach duine inar athbhunaíodh pobal Iosrael ar bhonn cothrom cuimsitheach etc.

- I dteagasc Íosa, cuireadh 'Ríocht Dé' i láthair mar obair Dé, rud nach bhféadfadh daoine a chruthú trína gcuid iarrachtaí féin. I rith aimsir Íosa, agus 'Mac Dháivéid' a rabhthas ag súil leis ina n-intinn, theagaisc na raibithe do dhaoine gur cheart dóibh maireachtáil amhail is go raibh Ríocht Dé ann cheana féin ionas go n-athrófaí a gcaighdeán saoil. B'eol dóibh nach raibh ríocht Dé bunaithe go fóill ach cheap siad go bhfeicfeadh daoine go mbeadh a gcaidrimh le daoine ag athrú dá dtosóidís ag maireachtáil caighdeán saoil a bheadh rialaithe ag an dlí. An rud a bhí uathúil maidir le teagasc Íosa ba ea a fhógairt gur deimhin go raibh an 'Ríocht Dé' tagtha etc.

- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 B c)** ● **CÉILÍ DÉ** ● **GLUAISEACHT SHOISCÉALACH AN PHROTASTÚNACHAIS I dTÚS NA 19Ú hAOISE** ● **DIAGACHT NA FUASCAILTE** ● **LEASUITHE LUTHER** ● **DARA COMHAIRLE NA VATACÁINE** **40** *Grádaithe*

**Scrúdaigh an tionchar a bhí ag an bhfilleadh ar fhís bhunaidh Íosa ar cheann amháin de na gluaiseachtaí atá liostaithe thuas.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith cumas móimintí leasaithe agus oiriúnaithe sa traidisiún Críostaí a aithint trí fhéachaint ghéar ar an tionchar a bhí ag an bhfilleadh ar fhís bhunaidh Íosa ar cheann amháin de na gluaiseachtaí atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Céilí Dé — d'fhéach gluaiseacht na gCéilí Dé le mainistreacha reatha a athnuachan trí athnuachan ar thraidisiún aiséitiúil bunaithe ar Bhriathar Dé agus ar dheabhóid do na naoimh. Ba é an aidhm lárnach saol duine a bhunú go hiomlán ar lárnacht agus ardcheannas Dé. Bhí na Céilí Dé éifeachtach go háirithe maidir le sagairt a oiliúint ina dteachtaireacht bhunaidh agus, dá bhrí sin, bogadh amach ón mí-úsáid ceannasachta agus údaráis. Chuir siad béim arís ar thábhacht na hurnaí, na hoibre, an staidéir agus an tiomantais do mhodh maireachtála Críostaí a corpraíodh ina móideanna bochtaineachta agus geanmnaíochta. Chuir siad béim ar an Domhnach mar lá scíthe agus urnaí etc.

- Gluaiseacht Shoiscéalach an Phrotastúnachais i dtús na 19ú hAoise — tagraíonn sí do threocht i gCríostaíocht a thugann aird ar áit an scrioptúir i saol Críostaí. Tá béim ar leith ar bhás slánaithe Íosa Críost ar an gcros. Cuireann sí béim ar thiontú pearsanta, rud as a dtiocfaidh athrú ar an dóigh a maireann duine. Tá cúram maidir le comhroinnt an chreidimh Chríostaí ríthábhachtach e.g. An Eaglais Mhodhach a bhunaigh John Wesley agus a chuireann béim láidir ar an ngá le creideamh pearsanta a chomhtháthú le gníomhú sóisialta. Tagann sé seo óna tuiscint ar an soiscéal go mbaineann sé leis an ngné phearsanta agus leis an ngné shóisialta. Bhí na Soiscéil agus eipistil Naomh Pól lárnach san athbheochan seo. Thaistil daoine thar lear agus chaith siad iad féin le hathchóiriú sóisialta mar léiriú Ríocht Dé mar thoradh uirthi etc.

- Diagacht na Fuascailte — gluaiseacht shóisialta agus dhiaga a tháinig aníos i Meiriceá Laidineach go príomha go mall sna 1960idí. Ghlac comhdháil easpaig Chaitliceacha Rómhánacha Mheiriceá Laidineach in 1968 leis gur chuir an fhís Chríostaí faoi deara do Chríostaithe obair ar son ceartas sóisialta. Bhreathnaigh ceannasaithe reiligiúnacha ar Íosa mar dhuine a thaobhaigh leo siúd a bhí gan chumhacht agus faoi chos. Ní raibh sé i gceist sa rogha do na boicht rogha chun maireachtáil i mbochtaineacht amháin, ach bhí mian ann freisin dul i ngleic le cúiseanna struchtúrtha na bochtaineachta agus na héagóra. Meastar gur teachtaireacht fuascailte í teachtaireacht an tSoiscéil agus meastar gurb é Íosa an fuascailteoir mór. Chuir an diagacht fuascailte seo isteach ar a lán daoine i bpoist chumhachtacha i Meiriceá Laidineach. Céasadh roinnt gníomhaithe agus

maraíodh cuid acu ina gcoimhlint chun labhairt ar son na mbocht e.g. an tArd-Easpag Oscar Romero etc.

- Leasuithe Luther — Ba shagart Agaistíneach Gearmánach Martin Luther a thug faoi deara go raibh bearna mhór idir saol na Luath-Eaglaise agus an stíl mhaireachtála a bhí ag ceannasaithe na hEaglaise san aimsir sin. Chreid sé go bhfuil maithiúnas Dé ina thabhartas a thugtar dóibh siúd a bhfuil creideamh acu i nDia trí Íosa Críost. D'ardaigh sé seo saincheisteanna amhail – Dá dtabharfaí maithiúnas agus slánú trí chreideamh amháin, cén ról atá ag an gcléir mar eadránaí idir Dia agus an cine daonna? Cén ról a bhí ag na sacraimintí? Dá mbeadh maithiúnas le tabhairt mar thabhartas ar bhonn creidimh in ionad ar bhonn dea-ghníomhartha, cén gá a bhí le loghanna a fháil? Cháin an Pápa Leo X tuairimí Luther. Ag Diat Worms, dhiúltaigh Luther dul siar ar a fhocal agus rinneadh é a coinnealbhá. Thosaigh an scoilt idir an Eaglais Chaitliceach Rómhánach agus Luther agus a thacadóirí dá bhrí sin, a chuir an Reifirméisean ar bun. Tháinig cuid mhór leasaitheoirí eile i ndiaidh Luther etc.

- Dara Comhairle na Vatacáine – cruinniú easpag na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí sna 1960idí. Bhí sí spreagtha ag na luathphobail Chríostaí agus theastaigh uaithi fís bhunaidh na Críostaíochta a athaimsiú agus a hábharthacht leis an saol nua-aimseartha a chur in iúl. D'iarr Dara Comhairle na Vatacáine ar rannpháirteachas níos gníomhaí na dtuataí i saol na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí. Phléigh sí caidrimh idir Críostaithe agus daoine a bhfuil creidimh eile acu freisin. Leag an Chomhairle béim ar thábhacht na gné sóisialta den chreideamh Críostaí agus d'iarr sí ar Chríostaithe a bheith gníomhach i réimse chearta an duine, an chaidrimh idir ciníocha, agus an cheartais shóisialta i gcoitinne. Léifí ceiliúrtha liotúirgeacha anois i dteanga na tíre agus bheadh an sagart ag breathnú ar an bpobal le linn an cheiliúrtha. Bogadh rialacha maidir le feisteas reiligiúnach etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

| ROINN C | REILIGIÚIN DHOMHANDA | *Marcanna* |
|---|---|---|

**2 C a) Ar na reiligiúin éagsúla sa domhan, áirítear na reiligiúin a bhféadfaí cur síos a dhéanamh orthu mar –** **20** *Grádaithe*

**● NEAMH-DHIACHÚIL ● PRÍOMHÚIL ● DIACHÚIL**

**Tabhair breac-chuntas ar phríomhthréithe ceann amháin de na cineálacha reiligiúin atá liostaithe thuas.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar chineál reiligiúin trí eolas cruinn a leagan amach ar cheann amháin nó níos mó de na tréithe sainiúla a bhaineann le ceann de na cineálacha reiligiúin atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Ní chreideann reiligiúin Neamh - Dhiachúla (i.e. catagóirithe de réir a gcoincheapa diachta) i ndia ná i ndéithe etc.

- I measc na bpríomhthréithe de reiligiúin Phríomhúla (i.e. catagóirithe de réir a staire éabhlóidí/na léirithe is luaithe de reiligiún i gcultúr agus i stair an duine), tá creideamh i spioraid; íobairt mar mhodh leasanna a fháil uathu agus an bheithsine déithe agus diachtaí níos lú a bhaineann le gnéithe éagsúla den saol agus den bhliain talmhaíochta e.g. Reiligiún Treibhe etc.

- Reiligiúin Dhiachúla – creideamh i nDia/i ndéithe/i ndiachtaí; Ildiach nó aondiach etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 C b)** ◆**AN BÚDACHAS** ◆**AN CHRÍOSTAÍOCHT** ◆**AN HIONDÚCHAS** ◆**AN tIOSLAMACHAS** ◆**AN GIÚDACHAS** **30** *Grádaithe*

**Tabhair breac-chuntas ar an mbunús atá leis an dialóg idirchreidmheach idir dhá cheann de na mór-reiligiúin atá liostaithe thuas.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an dialóg idirchreidmheach trí eolas cruinn a leagan amach ar thús na dialóige idirchreidmhí idir dhá cheann de na reiligiúin atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Tá roinnt den dialóg idirchreidmheach bunaithe in eachtraí stairiúla e.g. bhí cainteoirí ón mBúdachas/Críostaíocht/Hiondúchas/Ioslamachas/Giúdachas ag céad Pharlaimint Dhomhanda na Reiligiún i Chicago in 1893 etc. Tá roinnt den dialóg idirchreidmheach bunaithe mar fhreagairt do theagmhais stairiúla e.g. tháinig dialóg níos mó idir an Chríostaíocht agus an Giúdachas as an bhfrith-Sheimíteachas a bhí ina chúis leis an Uileloscadh; cuairt an Phápa Eoin Pól II ar shionagóg sa Róimh in 1986 inar labhair sé ar Ghiúdaigh agus inar thug sé 'ár mbráithre móra ionúine' orthu etc.
- Tá roinnt dialóg idirchreidmheach bunaithe i dtionscnaimh ar leith a chuireann dialóg idir creidimh éagsúla chun cinn i.e. plé nó malartú smaointí agus tuairimí, agus é d'aidhm acu go speisialta coimhlint a réiteach nó aontú a bhaint amach etc.
- Tá fréamhacha dialóg idirchreidmheach áirithe bunaithe i gcomharthaí/gceannairí suntasacha. Shín Gandhi lámh thar an deighilt reiligiúnach. Léirigh sé ómós do théacsanna diaga traidisiúin chreideamh eile agus thug sleachta astu. Rinne an Pápa Eoin Pól II dul chun cinn suntasach agus é ag síneadh amach chuig reiligiúin dhomhanda eile e.g. in 1985 thagair sé do Chaitlicigh agus do lucht leanúna an Ioslamachais mar "bhráithre agus siúracha i gcreideamh Abrahám" etc. Tá a fréamhacha san éacúiméineachas ag dialóg idirchreidmheach áirithe. Bhí ionadaithe óna lán sainchreidimh Chríostaí ag Comhairle Dhomhanda na nEaglaisí, a bunaíodh i 1948. Bhí dialóg idir an Chríostaíocht agus reiligiúin eile mar thoradh ar an dialóg idir shainchreidimh Chríostaí etc.
- Ceaptar uaireanta ina measc siúd a ghlacann páirt i ndialóg idirchreidimh go bhfuil bunús na dialóige idirchreidimh ar fáil i dtéacsanna diaga na gcreideamh e.g. déantar tagairt Ioslamach do Shura 5:48; déanann Hiondúigh machnamh ar theachtaireacht Rig-Veda 1.164.46 etc.
- Tá bunúis pholaitiúla/shóisialta ag roinnt dialóg idirchreidimh e.g. spreag sochaithe ilchreidimh ar nós na hIndia dialóg idirchreidimh, go háirithe idir an Chríostaíocht, an Hiondúchas agus an tIoslamachas etc.
- Tá bunúis chultúrtha ag roinnt dialóg idirchreidimh e.g. de réir mar a thaistil tuilleadh daoine sa Chianoirthear, d'éirigh daoine níos fiosraí faoin mBúdachas. Tá úsáid an mhachnaimh mar fhoirm scíthe agus urnaí tar éis pobail chreidimh a spreagadh chun traidisiúin urnaí reiligiún eile a iniúchadh etc.
- Tá bunúis dhiagachta ag roinnt dialóg idirchreidmheach e.g. Rinne dialóg idirchreidmheach dul chun cinn tar éis do Vatacáin II Nostra Aetate a eisiúint etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30M |

**2 C c)** **◆AN BÚDACHAS ◆AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆AN HIONDÚCHAS ◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS** **30** *Grádaithe*

**Déan comparáid idir an tslí a ndéanann na baill dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe thuas bás duine a chomóradh.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar mhór-reiligiúin dhomhanda trí na cosúlachtaí agus/nó éagsúlachtaí a scrúdú faoin tslí a ndéanann na baill de dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist bás duine a chomóradh.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An tIoslamachas/an Chríostaíocht – Creideann an dá cheann acu go n-iompraítear an t-anam don dia tar éis bás duine; go measfar an duine de réir na ngníomhartha maithe agus na ndrochghníomhartha a rinne sé/sí i rith a shaoil/saoil. Sa traidisiún Ioslamach, nuair a fhaigheann duine bás, ullmhaítear an corp le haghaidh adhlacadh, a tharlaíonn a luaithe is féidir tar éis an bháis. Sa traidisiún Críostaí, áfach, is féidir go gcuirtear an t-adhlacadh ar siúl suas le lá nó níos mó tar éis bhás an duine. Déantar roinnt Críostaithe a chréamadh in ionad adhlactha ach níl aon chréamadh sa traidisiún Ioslamach etc.

- An Giúdachas/an Búdachas – Cuireann an dá reiligiún corp an duine mhairbh i gcónra adhmaid simplí. Níl aon bhláthanna ná fleasca sa traidisiún Giúdach ach tugann Búdaithe ofrálacha bláthanna i gcomhair an phúiseá. Déantar gnáis speisialta seacht lá tar éis bhás an duine sa dá reiligiún. Sa Ghiúdachas, fanann caointeoirí sa teach agus ní níonn siad etc. mar chomhartha gur chuir an bás isteach ar gach gné dá saol. Clúdaítear na scátháin sa teach chun cur in iúl nach bhfuil aon aird ag na cainteoirí ar a ndealramh. Sa Bhúdachas, cuirtear searmanais chuimhneacháin ar siúl ar son an duine mhairbh tar éis seacht lá, tar éis trí mhí agus ar bhonn bliantúil ar chothrom lae bhás an duine etc.

- An Hiondúchas/an Chríostaíocht – An deasghnáth deiridh i saol aon Hiondúigh is ea deasghnáth sochraide, atá cosúil leis na deasghnátha deiridh sa traidisiún Caitliceach Rómhánach. Nuair a fhaigheann Hiondúch bás, déantar an corp a ní agus a ungadh le taos santail. Tar éis báis, déantar gach Hiondúch a chréamadh ionas go bhféadfar an t-anam a scaoileadh ón gcorp agus scaiptear an luaithreach in abhainn go hiondúil mar chomhartha dá bhfilleadh ar an domhan etc.

- Etc.

*Tabhair ar aird*: Scrúdaíonn iarrthóir an tslí a ndéanann na baill de reiligiún amháin atá liostaithe sa cheist bás duine a chomóradh – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30M |

**ROINN D CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH** *Marcanna*

**2 D a) Tabhair breac-chuntas ar na cúinsí ba chúis le forbairt na nDeich nAitheanta.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an dóigh a dtagann peirspictíocht reiligiúnach ar mhoráltacht as traidisiún reiligiúnach trí eolas cruinn a leagan amach ar an gcomhthéacs inar tháinig na Deich nAitheanta aníos.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Tagann na Deich nAitheanta as an gConradh idir Iáivé/YHWH agus muintir Iosrael. Tá siad socraithe laistigh de chomhthéacs éalú na nIosraeilíteach ó sclábhaíocht san Éigipt. Cuireann an Conradh síos ar an gcaidreamh speisialta idir Iáivé/YHWH agus muintir Iosrael agus is é an caidreamh seo an spreagadh dóibh chun na Deich nAitheanta a leanúint etc.
- Tagann na Deich nAitheanta as an ngá le leanúnachas idir moráltacht agus reiligiún e.g. ní mór do mhuintir Iosrael Iáivé/YHWH a onórú agus ní mór go léireodh a n-iompar a dtiomantas do réimeas Iáivé/YHWH etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 D b) Mínigh conas a imríonn saoirse mhorálta ról i bhforás an duine chun na haibíochta morálta.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar fhás morálta agus ar fhorbairt mhorálta trí chuntas cruinn a thabhairt ar an tslí a n-imríonn saoirse an duine ról i gcinnteoireacht an duine rogha a dhéanamh faoina bhfuil ceart nó mícheart agus aibíocht mhorálta á forbairt.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Tugann saoirse mhorálta an ceart agus an dualgas do dhaoine úsáid a bhaint as a gcoinsias etc.

- Tá cód pearsanta morálta ag duine atá aibí ó thaobh na moráltachta de. Tá saoirse ag teastáil ó dhaoine chun prionsabail agus cóid phearsanta mhorálta a fhorbairt etc.

- Forbraíonn an duine atá aibí ó thaobh na moráltachta de nósanna chun gníomhú mar is cóir. Áitíodh go gcaithfear maireachtáil mar is cóir a chleachtadh ionas gur féidir í a fhoghlaim. Cuireann saoirse mhorálta ar chumas duine a bhfuil cóir a aithint agus é a chur i bhfeidhm ar a s(h)aol etc.

- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20 M |

**2 D c) Déan cur síos ar conas a threoródh teagasc Íosa ar 'aithne an ghrá' duine chun cinneadh a dhéanamh maidir le cad tá ceart agus cad tá mícheart faoi shaincheist.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar na gnéithe eiticiúla de theagasc Íosa trí chuntas cruinn a thabhairt ar an dóigh a dtreoródh teagasc Íosa ar 'aithne an ghrá' duine chun cinneadh a dhéanamh maidir le cad tá ceart agus cad tá mícheart faoi shaincheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Tá teagasc morálta Íosa ar fad ar fáil in aithne amháin — múineann aithne an ghrá grá Dé agus grá don chomharsa. Tá spiorad bunaidh na moráltachta á aisghabháil ag Íosa trí 'aithne an ghrá' a chur i láthair e.g. Íosa ag ní chosa a dheisceabal in Eoin 13:34-35. Is féidir an tionchar seo a fheiceáil sa dóigh a dtreoródh sé duine obair charthanachta a dhéanamh agus cabhrú le daoine eile i ngátar e.g. Christian Aid etc.

- I gcur síos sa soiscéal, déanann Íosa athrá arís agus arís eile ar 'aithne an ghrá' agus cuireann sé í i gcroílár na freagartha morálta agus reiligiúnaí, a éilíonn sé óna dheisceabail. Achoimríonn Íosa 'aithne an ghrá' sa tSeanmóir ar an Sliabh. D'fhéadfadh sé seo duine a threorú chun cinneadh a dhéanamh maidir le cad tá ceart agus cad tá mícheart faoin dóigh ar cheart do dhuine dáimh a bheith aige/aici le daoine eile e.g. namhaid a mhaitheamh etc.

- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## AONAD A TRÍ

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR CEANN AMHÁIN DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

**ROINN E REILIGIÚN AGUS CÚRSAÍ INSCNE** *Marcanna*

**3 E a) Déan comparáid idir an ról i stair an tslánaithe a d'imir bean amháin agus an ról a d'imir fear amháin a n-insítear a scéalta sna Scrioptúir Eabhraise.** **80** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar áit na bhfear agus na mban sna Scrioptúir Eabhraise trí na cosúlachtaí agus/nó na héagsúlachtaí a aithint go cruinn sna róil i stair an tslánaithe a bhí ag bean amháin agus ag fear amháin a n-insítear a scéalta sna Scrioptúir Eabhraise.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Meastar go bhfuil Miriam, deirfiúr Árón, ina fáidh. Maíonn a hamhrán gur chuir sí le ceiliúrtha deasghnátha. Bhí an pobal ag brath uirthi agus ar Mhaois le haghaidh ceannasaíochta. Is ionann a ról i stair an tslánaithe agus ról ceannasaíochta agus treorach etc.

- Is léir gur ceannasaí míleata í Deabrá. Faoi cheannasaíocht Dheabrá bhí 40 bliain de shíocháin ag muintir Iosrael etc.

- Tá Rút ar dhuine amháin de thriúr ban ar tugadh a hainm ar leabhar. Is faoi Ghintlí a d'éirigh ina cuid den phobal Eabhrach a scéal. Bhí pósadh mar thoradh ar a creideamh agus ar a dílseacht. Ba sheanmháthair le Rí Dáiví í Rút, ar eachtrannach mná bocht í a thaispeáin dílseacht agus buanseasmhacht mhór. Is ionann a ról i slánú agus ról a thaispeánann an tábhacht a leag YHWH/Iáivé ar chreideamh agus ar bhuanseasmhacht etc.

- Tá scéal Iósaf ina scéal ar mhac fabhair a dhíoltar mar sclábhaí. Mar gheall ar a chuid buanna, éiríonn leis dul chun cinn a dhéanamh agus cinntíonn sé marthanas a theaghlaigh féin faoi dheireadh. Taispeánann a ról go bhfuil YHWH/Iáivé buanseasmhach leo siúd a bhfuil creideamh acu. Taispeánann scéal Iósaf go mbeireann YHMH/Iáivé bua ar an olc i gcónaí.

- Tháinig Maois chun cinn mar cheannasaí na nEabhrach a fuair a saoirse ó sclábhaíocht san Éigipt. Faoina threoir, chruthaigh siad a bhféiniúlacht mar mhuintir Iosrael. Is é ról Maois ról mar fhuascailteoir. D'éirigh gealltanas an chonartha níos sofheicthe faoina ordú agus déantar é a chomóradh go fóill gach bliain trí Cháisc na nGiúdach a cheiliúradh etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 80 > 68 | 67 > 56 | 55> 44 | 43 > 32 | 31 > 20 | 19 > 8 | 7 > 0 | 80M |

**3 E b)** ***nó*** **80** *Grádaithe*

**Déan cur síos ar na róil a tugadh d'fhir agus do mhná i gceann amháin de na chéad phobail Chríostaí.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar áit na bhfear agus na mban sna pobail Luath-Chríostaí trí chuntas cruinn a thabhairt ar na róil a tugadh d'fhir agus do mhná i gceann amháin de na chéad phobail Luath-Chríostaí.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Rómhánaigh 16 – ainmnítear Phoebe mar dheagánach den Eaglais. Ainmnítear mná eile freisin e.g. moltar Priscille mar thoradh ar a cuid oibre agus crógachta. Déantar idir fhir agus mhná a ainmniú agus a mholadh mar thoradh ar a n-obair mhisinéireachta, ar an ngéarleanúint a d'fhulaing siad agus ar a gcreideamh i.e. Acúlas, Rufas, Néiréas i measc na bhfear agus Iúilia, Muire agus máthair Rufas i measc na mban etc.

- Tugann Gníomh 16: 11 - 15 an scéal ar bhunú an chéad phobail Chríostaí thaifeadta san Eoraip ag Filipe. Bhí bean darbh ainm Lidia ina ceannasaí ar an bpobal. Thug Pól cuairt agus theagaisc sé di agus do ghrúpa ban ón bpobal etc.

- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 80 > 68 | 67 > 56 | 55> 44 | 43 > 32 | 31 > 20 | 19 > 8 | 7 > 0 | 80M |

**3 E c)** ***nó*** **80** *Grádaithe*

**Scrúdaigh an chaoi a léirítear Muire, máthair Íosa, i gceann amháin de na sainchreidimh Chríostaí a bhfuil staidéar déanta agat air.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar ról Mhuire i dtraidisiún reiligiúnach trí bhreathnú géar ar an gcaoi a léirítear Muire, máthair Íosa, i sainchreideamh Críostaí amháin.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Léiríonn an Caitliceachas Rómhánach gur máthair Dé Muire. Coinníonn Caitliceachas Rómhánach dogma Ghiniúint Mhuire gan Smál freisin, is é sin, creideamh go raibh Muire gan pheaca ó uair a giniúna etc.

- Léiríonn an tAnglacánachas gur máthair Dé Muire. Déanann an tAnglacánachas a breith a cheiliúradh ar an 8 Meán Fómhair gach bliain freisin. Léirítear go bhfuil sí ar an Maighdean Bheannaithe etc.

- Léiríonn mórán sainchreideamh Muire mar eiseamláir deisceablachta agus mar chosantóir na mbocht etc.

- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 80 > 68 | 67 > 56 | 55 > 44 | 43 > 32 | 31 > 20 | 19 > 8 | 7 > 0 | 80M |

**3 E d)** ***nó*** **80**

**Tabhair breac-chuntas ar dhá shampla de conas a d'fhéadfadh inscne duine tionchar a imirt ar a (h)eispéireas mar bhall de reiligiún domhanda.** (40Mx2) *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an ról a imríonn inscne i dtraidisiúin reiligiúnacha trí eolas cruinn a leagan amach ar dhá shampla de conas a d'fhéadfadh inscne duine tionchar a imirt ar a (h)eispéireas eisiaimh *nó* leatroim *nó* cumhachtaithe *nó* saoirse i reiligiún domhanda.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Ciallaíonn *eisiamh* nach dtugtar an deis do dhaoine páirt a ghlacadh, a bheith á meas nó á gcur san áireamh i rud. Sampla d'eisiamh i reiligiún domhanda a n-imríonn inscne tionchar air is ea an díospóireacht ar oirniú na mban sa Chríostaíocht etc.

- Sa Ghiúdachas oirníodh Regina Jones, an chéad raibí ar bean í, sa Ghearmáin i 1935. Sa Ghiúdachas Ceartchreidmheas, ní aontaíonn mórán daoine gur cheart do mhná a bheith ina raibithe. Ina ionad sin, glacann siad leis gur cheart do mhná róil chomhlántacha a bheith acu etc.

- Sa Chríostaíocht, d'fhéach Edwina Gately le hoibrithe sráide in Chicago ar mná iad ar imríodh ansmacht orthu roimhe de dheasca a n-inscne, a chumasú agus a shaoradh.

- San Ioslamachas, caitheann an Córán le fir agus le mná ar bhealach cothrom. In aimsir Mhahamaid, bhí baint ag mná le gnó agus trádáil. Táthar ag súil go leanann idir fhir agus mhná na Cúig Philéar etc.

- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40Mx2 |

| ROINN F | CEISTEANNA CÓRA AGUS SÍOCHÁNA | *Marcanna* |
|---|---|---|

**3 F a) Ainmnigh tráchtaire amháin a bhfuil baint ag a s(h)aothar le 'glasú' an reiligiúin agus mínigh cén fáth ar tháinig forbairt ar an spéis sa reiligiún agus san imshaol le linn shaol an duine sin.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an reiligiún agus ar an imshaol trí thráchtaire amháin a bhaineann le 'glasú' an reiligiúin a shainaithint go cruinn agus trí chuntas cruinn a thabhairt ar an bhfáth ar tháinig forbairt ar an spéis sa reiligiún agus san imshaol le linn shaol an duine sin.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- *e.g.* Thomas Berry –
  - Is Meiriceánach é a d'fhás aníos le háilleacht an dúlra timpeall air. Chaith sé tréimhse a óige ag siúl ar fud na ngort timpeall a bhaile. Ba é an t-eispéireas luath-óige seo d'iontas agus d'alltacht faoi áilleacht an dúlra a spreag a spéis sa reiligiún agus san imshaol. Chum sé dánta faoin dúlra mar gur mhothaigh sé go raibh dlúthbhaint aige leis etc.

  - Bhí spéis aige sa reiligiún freisin agus chuaigh sé isteach i mainistir sna 1930í mar go raibh súil aige go n-aimseodh sé brí sa traidisiún mainistreach a lean rithimí an dúlra e.g. liotúirgí a fhreagraíonn do na timthriallta séasúracha etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 F b) Tabhair breac-chuntas ar dhá cheann de na príomhsmaointe maidir le cúrsaí reiligiúin agus an t-imshaol a d'fhorbair an duine atá ainmnithe agat i gcuid *a)* thuas.** **40** (20Mx2) *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an reiligiún agus ar an imshaol trí eolas cruinn a leagan amach ar dhá cheann de na príomhsmaointe maidir le cúrsaí reiligiúin agus leis an imshaol a d'fhorbair an duine atá ainmnithe i gcuid a) den cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- D'úsáid Berry a chuid scríbhinní agus léachtaí chun labhairt faoin ngrá mór a bhí aige don dúlra agus theagaisc sé gur cheart do gach duine aire a thabhairt don domhan. Bhí sé den tuairim gur cheart do gach rud a dhéanann daoine dea-thionchar a bheith aige ar an domhan. Dá mbeadh caidreamh ag daoine leis an dúlra, bheadh sé níos sláintiúla do gach duine etc.

- Bhí Berry den tuairim nach mór do dhaoine baint den talamh a sheachaint le haghaidh dul chun cinn. Chreid sé go mbeadh daoine níos boichte mar thoradh ar chaidreamh leis an dúlra a chailleadh e.g. nuair a chuireann daoine isteach ar an dúlra (crainn a ghearradh anuas nó fiadhúlra a bhaint chun tithe a thógáil), fulaingeoidh siad trí na héifeachtaí tuilte, hairicíní etc.

- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**ROINN G ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTHA** *Marcanna*

**3 G a)**

| ● | ● | ● | ● | |
|---|---|---|---|---|
| **DÍTHREABHACHT** | **OILITHREACHT** | **POUSTINIA** | **CÚRSA SPIORADÁLTA** | **40** (20Mx2) *Grádaithe* |

**Déan cur síos ar an rud atá i gceist in dhá cheann de na traidisiúin rinnfheithimh thuas.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar thraidisiúin paidreoireachta trí chuntas cruinn a thabhairt ar an bhfáth go meallann dhá cheann de na traidisiúin rinnfheithimh atá liostaithe i gceist *G a)* daoine sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Díthreabhacht – Is díthreabhach é duine a chónaíonn ar an uaigneas ón tsochaí. Lorgaíonn díthreabhach Dia san aonarachas. Faoi dheireadh an tríú céad bhog siad siúd a raibh uathu gabháil do shaol an rinnfheithimh, scartha amach ó gach ábhar seachráin, go dtí an fásach chun cónaí leo féin. In Éirinn, bhí beatha an díthreabhaigh ag daoine rinnfheithimh laistigh de shábháilteacht na mainistreach go minic e.g. Gleann Dá Loch, na Scealga, etc.
- Oilithreacht – aistear go dtí áit naofa a bhfuil baint aici go minic le duine nó le heachtra a bhfuil tábhacht reiligiúnach leis/léi. Creideann oilithrigh go bhféadann siad cumarsáid a dhéanamh le Dia/tarchéimnitheacht ar dhóigh speisialta ag an suíomh seo. Is féidir le hoilithreacht a bheith ina gníomh aithrí. Is féidir le mothú na deoraíochta ón ngnáthshaol atá de dhlúth agus d'inneach in oilithreacht an tóraíocht spioradálta a chomhlánú, etc.
- Poustinia – léiriú díthreabhachta mar go bhfuil sé ar an bhfocal Rúiseach ar 'dhíseart'. Tá a bhunús sa Mheánoirthear, áit ar thosaigh an cleachtadh bogadh go dtí an díseart/fásach chun saol rinnfheithimh a chaitheamh, ag maireachtáil go haonaránach, scartha amach ó gach seachrán. Is é fásach an chroí an fíor-poustinia. Is féidir leis an áit a bheith ina háiléar, ina seomra breise, etc. Is áit é chun Dia a lorg agus chun an croí a oscailt do Dhia. D'fhorbair Catherine de Hueck Doherty an traidisiún i suíomh nua-aimseartha trí chóiríocht shimplí a chur ar fáil do dhaoine ar mhaith leo poustinia a chleachtadh etc.
- Cúrsa spioradálta – Is tréimhse scartha amach ó ghnáthamh agus ó ghnáthghníomhaíocht í cúrsa spioradálta chun díriú ar spioradáltacht, ar urnaí agus ar mhachnamh. Is féidir é le duine é seo a dhéanamh ina (h)aonar nó le daoine eile. Is féidir le cúrsa spioradálta a bheith ina eispéireas rinnfheithimh i.e. uair le haghaidh urnaí, caidreamh le Dia a mheas, aithrí etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**3 G b) Mínigh cén fáth a mbíonn tóir ag daoine ar dhá cheann ar bith de na traidisiúin rinnfheithimh thuas sa lá atá inniu ann.** **40** (20Mx2)

*Critéir Mharcála* *Grádaithe*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar chuid de na teicnící urnaí a úsáideann mórthraidisiúin reiligiúnacha trí chuntas cruinn a thabhairt ar na fáthanna a mbíonn tóir ag daoine ar dhá cheann ar bith de na traidisiúin rinnfheithimh atá liostaithe sa cheist sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*

- Cuireann díthreabhacht síos ar mhaireachtáil aonair, cé go bhféadfadh sé seo a bheith laistigh de mhainistir e.g.is féidir tarraingt na díthreabhachta do dhaoine sa lá atá inniu ann a fheiceáil sna daoine a thugann cuairt ar mhainistir Naomh Aodhán i bhFearna, áit a mbíonn an deis acu taithí a fháil ar an díthreabhacht ar feadh tréimhse ghairid. Taitníonn an tsíocháin agus an ciúnas le daoine mar go dtugann siad an deis dóibh machnamh agus guí a dhéanamh etc.

- Tá oilithreacht ina turas chuig ionad sácráilte a dtugtar fúithi le haghaidh cúiseanna reiligiúnacha e.g. tá an tóir ag an bpobal ar oilithreacht bhliantúil Dhomhnach na Cruaiche chuig Cruach Phádraig ag méadú. Is cosúil go mealltar daoine leis an nádúr fisiceach a bhaineann le hoilithreachtaí den chineál sin. Do roinnt daoine, tá mothú íobartha agus seasmhachta ann a chiallaíonn go bhfuil mealltacht na hoilithreachta cosúil le troscadh etc.

- Is é atá i gcúrsa spioradálta céim siar ón ngnáthshaol laethúil ar feadh tréimhse theoranta d'fhonn guí agus machnamh. Glacann cuid mhór daoine óga páirt i gcúrsaí spioradálta scoile. Cuid de mhealltacht na gcúrsaí spioradálta mar fhoirm urnaí is ea gur féidir le duine céim siar a ghlacadh agus peirspictíocht níos fearr ar an saol a fháil. Tugann sé an deis do dhaoine smaoineamh ar rudaí atá tábhachtach dóibh etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**3 H a) Tabhair breac-chuntas ar an tslí a léiríonn dhá Shoiscéal Shionoptacha ábhar suime na ndaoine ar scríobhadh dóibh iad.** **40** (20Mx2) *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar an dóigh ar scríobhadh an Bíobla ar an gcéad dul síos trí eolas cruinn a leagan amach ar an tslí a léiríonn dhá de na Soiscéil seo a leanas: Matha, Marcas nó Lúcas, ábhar suime na ndaoine ar scríobhadh dóibh iad.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Scríobhadh Soiscéal Mharcais do Chríostaithe Rómhánacha a ndearnadh géarleanúint orthu mar gheall ar a gcreideamh. D'fhéadfaí gur imir sé seo tionchar ar an údar béim a chur ar fhulaingt mar chuid de dheisceablacht. Is é cúram do Mharcas Íosa mar dhuine agus cuireann sé béim ar ghníomhartha Íosa in ionad fhocail Íosa etc.

- Scríobhadh Soiscéal Mhatha do phobal Críostaí Giúdach. D'fhéadfaí gur imir sé seo tionchar ar an dóigh a ndíríonn Matha ar nósanna, deasghnátha agus dlíthe Giúdacha. Is é ábhar is cúram do Mhatha léargas níos iomláine ar Íosa a thabhairt ná atá ar fáil i Soiscéal Mharcais, rud a léirítear tríd an úsáid a bhaineann sé as Soiscéal Mharcais mar fhoinse agus as doiciméad Q araon, etc.

- Is cosúil gur scríobhadh Soiscéal Lúcáis do ghintlithe Gréagacha. Ba ghintí Lúcás freisin agus, mar sin de, bhí a thaispeáint go raibh Ríocht Dé ar oscailt do Ghiúdaigh agus do ghintlithe ar cheann de na cúraimí dá Shoiscéal. Is é cúram do Lúcás freisin béim a chur ar atrua agus ar mhaithiúnas Íosa etc.

*Tabhair ar aird:* Leagann iarrthóir eolas cruinn amach ar an tslí a léiríonn Soiscéal Eoin ábhar suime na ndaoine ar scríobhadh dóibh iad – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**3 H b)**

| • AN SÍOLADÓIR (Matha 13:1-9) | • AN DEICHNIÚR MAIGHDEAN (Matha 25:1–13) | **40** *Grádaithe* |
|---|---|---|

**Mínigh an comhthéacs inar inis Íosa ceann amháin de na parabail thuas agus conas mar a chuaigh sé i bhfeidhm ar na chéad Chríostaithe.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar sheánra liteartha agus ar phríomhthéacsanna áirithe sa Bhíobla trí fhéachaint go mion ar an gcomhthéacs inar inis Íosa *ceachtar* de pharabal an tSíoladóra (Matha 13:1 - 9) *nó* parabal an Deichniúir Mhaighdean (Matha 25: 1 - 13) agus conas mar a chuaigh sé i bhfeidhm ar na chéad Chríostaithe.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Insíodh parabal an tSíoladóra den chéad uair laistigh den chomhthéacs pobail talmhaíochta a thuigfeadh lom láithreach na híomhánna sa pharabal etc. Taispeánann sé go bhfuil dúshláin ag gabháil le creideamh agus cleachtas reiligiúnach. Ní fhaigheann ach an té ag a bhfuil grá do Dhia lena chroí, lena anam agus lena neart a fhocal go fírinneach. D'fhéadfaí gur thug sé spreagadh do na chéad Chríostaithe a bheith dílis os comhair géarleanúna etc.

- Freagraíonn an Deichniúr Maighdean do nósanna bainise sa Phalaistín in aimsir Íosa. Thaispeáin an parabal do na chéad Chríostaithe go raibh orthu dearcadh ullmhachta do Ríocht Dé a chothú, ag cur béime ar an ngá le bheith dílis, fiú nuair a lagaíonn a gcuid díograise nó tiomantais etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

***Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge***

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ar chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú síos.

*Tábla I*
Bain úsáid as an tábla seo i gcás na hábhair a leanas:

- Oideachas Reiligiúnach – Ardleibhéal & Gnáthleibhéal

Iomlán: 320 Gnathráta: 10%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

| | *Tuairiscín* |
|---|---|
| SÁRMHAITH | • Fianaise shubstaintiúil ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Tá ábhar an fhreagra iomlán agus is léir go mbaineann sé lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Níl aon mhór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise shármhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| AN-MHAITH | • Fianaise an-mhaith ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Is léir go mbaineann ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Níl aon mhór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise an-mhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| GO MAITH | • Fianaise mhaith ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Baineann ábhar an fhreagra go ginearálta lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Gan aon mhór-earráidí, nó fíorbheagán díobh, maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise mhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| RÉASÚNTA | • Fianaise leordhóthanach ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Gan ach baint theoranta ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Roinnt mór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise éigin ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| LAG | • Fianaise neamhleor ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Is beag baint atá ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Roinnt mhaith mór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fíorbheagán fianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| AN-LAG | • Is beag an fhianaise ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Gan ach baint an-bheag ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Mór-earráidí substaintiúla maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fíorbheagán fianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| GAN AON GHRÁD | • Is beag an fhianaise nó gan aon fhianaise ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Níl aon bhaint ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Mór-earráidí substaintiúla maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Gan aon fhianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |

## *Scéim Mharcála 2012*

## *Scrúdú na hArdteistiméireachta 2012*

## *Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach* – *Ardleibhéal & Gnáthleibhéal*

**OBAIR CHÚRSA SAN OIDEACHAS REILIGIÚNACH**

Aidhmeanna den obair chúrsa d'Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta:

- Deis a thabhairt do dhaltaí dul i ngleic go pearsanta le saincheist leasa nó cásmhaireachta
- Forbairt a dhéanamh ar eolas, ar thuiscint, ar scileanna agus ar dhearcthaí na ndaltaí, de réir mar atá leagtha amach i gcuspóirí na roinne atá ainmnithe don obair chúrsa
- Deis a thabhairt do dhaltaí tabhairt faoi thaighde, faoi anailís agus faoi mhachnamh breise ar thopaic roghnaithe
- Scileanna taighde, anailíse, meastóireachta, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh a fhorbairt

Cuireadh obair chúrsa isteach mar ghné den nós imeachta measúnaithe den oideachas reiligiúnach i scrúdú na hArdteistiméireachta mar gheall ar nádúr an ábhair féin. Tá forbairt na scileanna taighde, smaointeoireachta criticiúla, anailíse agus machnaimh ina bpríomhchuspóirí de mhúineadh an oideachais reiligiúnaigh ag an leibhéal sinsearach. Tá obair chúrsa leagtha amach chun deiseanna a thabhairt do dhaltaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna seo trí imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar thopaic roghnaithe.

(*Oideachas Reiligiúnach, An Ardteistiméireacht, Treoirlínte do Mhúinteoirí* – NCCA leathanach 142)

Éilítear ar iarrthóirí obair chúrsa ar aon teideal amháin a chur isteach.

Baineann na teidil d'obair chúrsa leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal araon. Ba chóir Leabhrán Obair Chúrsa an iarrthóra a mharcáil ag an leibhéal ag ar thóg sé/sí an scrúdú.

Féadfaidh iarrthóirí ar mian leo an obair chúrsa a mhaisiú le léaráidí é seo a dhéanamh sna spásanna folmha a sholáthraítear ag bun gach leathanaigh. Ní mór don iarrthóir na grafaicí nó na híomhánna ar fad a tharraingt nó a scanadh go díreach ar an leabhrán. Níor chóir dóibh, áfach, ábhar a cheangal nó a fheistiú den Leabhrán Obair Chúrsa.

***Teidil Dualgais don Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach***
***do Scrúdú na hArdteistiméireachta 2012* – S88/10**

Tugtar rogha de dhá theideal i Roinn I agus i Roinn J thíos. Ba chóir do na hiarrthóirí an obair chúrsa acu a bhunú ar **aon** teideal amháin, glactha ó Roinn I **nó** ó Roinn J.

## *ROINN I: REILIGIÚN: EISPÉIREAS NA HÉIREANN*

**I. 1.** ***Bhí baint mhór ag bunú na gcéad mhainistreacha in Éirinn le forbairt na Críostaíochta in Éirinn.***

**Déan taighde ar mhainistir amháin díobh sin agus scrúdaigh an méid a chuir sí le forbairt na Críostaíochta in Éirinn.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith eolas ar fhorbairt an reiligiúin in Éirinn trí eolas a aithint ar mhainistir amháin in Éirinn mar ionad foghlama, leighis, adhartha etc. agus conclúidí cruinne a bhaint as an méid a chuir sí le forbairt na Críostaíochta in Éirinn.

**I. 2. Cás-staidéar ar an gcaoi a bhfuil deasghnáth réamh-Chríostaí amháin curtha in oiriúint dóibh féin ag baill den traidisiún Críostaí in Éirinn an lae inniu.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar an gcaoi ar ionchultúraíodh an teachtaireacht Chríostaí i gcomhthéacs na hÉireann trí scrúdú a dhéanamh ar dheasghnáth réamh-Chríostaí amháin ar leith agus conclúidí cruinne a bhaint as an gcaoi a bhfuil sé curtha in oiriúint ag baill den traidisiún Críostaí in Éirinn an lae inniu.

## *ROINN J: AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT*

**J. 1. Scrúdú ar impleachtaí theoiric Darwin faoin éabhlóid don tuiscint ar an gcruthú atá ag ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo:**

**♦ An Búdachas ♦ An Chríostaíocht ♦ An Hiondúchas ♦ An tIoslamachas ♦ An Giúdachas**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith eolas ar eochairmhóimint sa chaidrimh idir an eolaíocht agus an diagacht trí fhéachaint ghéar ar na drochthorthaí a bhí ag teoiric Darwin faoin éabhlóid ar an tuiscint ar an gcruthú ag ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa teideal.

**J. 2.** ***Bíonn ceisteanna faoi dheireadh an tsaoil ag an reiligiún agus ag an eolaíocht araon.***
**Iniúchadh ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir an chaoi a ndéileálann an reiligiún le ceisteanna faoi dheireadh an tsaoil agus an chaoi a ndéileálann an eolaíocht leo.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith eolas ar na ceisteanna atá coiteann agus sainiúil leis na fiontair dhiaga agus eolaíocha trí scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann an reiligiún agus an eolaíocht ceisteanna faoi dheireadh an tsaoil agus conclúidí cruinne a bhaint as na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí a ndéileálann an dá cheann acu leis na ceisteanna sin.

## CUID A – ACHOIMRE AR AN INIÚCHADH AR AN TEIDEAL ROGHNAITHE

Marcanna *Critéir Mharcála mar a léirítear i gCuid A*

0 - 16 Má tá an freagra <u>lag</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>pointí socraithe</u> i.e.

- Is píosa saothair beagbhríoch nó neamhábhartha é gan aon fhianaise tacaíochta nó fíorbheagán de ar fáil do na conclúidí a bhaintear maidir le teideal dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé gabháil phearsanta neamhleor do theideal dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé fianaise bhocht ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2012
- Ní thugann sé ach beagán eolais, nó gan aon eolas tugtha, ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2012 á iniúchadh agus léiríonn sé úsáid bhocht de scileanna taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé beagán, nó gan aon fhianaise léirithe, gur baineadh úsáid as foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2012 á cur i gcrích.

17 - 24 Má tá an freagra <u>réasúnta</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>pointí socraithe</u> i.e.

- Is saothar imleor é. Tugtar achoimre theoranta ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2012, agus tá roinnt fianaise tacaíochta tugtha do na conclúidí a bhaintear
- Léiríonn sé gabháil phearsanta áirithe do theideal dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé fianaise éigin ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa
- Tugann sé eolas ginearálta ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2012 á iniúchadh agus léiríonn sé fianaise éigin ar an ngabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé fianaise áirithe gur baineadh úsáid as foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2012 á cur i gcrích.

25 - 32 Má tá an freagra <u>an-mhaith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>pointí socraithe</u> i.e.

- Is saothar fiúntach é
- Léiríonn sé gabháil phearsanta shoiléir do theideal dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé fianaise shoiléir ar ghabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé fianaise mhaith gur baineadh úsáid as foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2012 á cur i gcrích.
- Tugann sé eolas ginearálta ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2012 á iniúchadh
- Tugann sé achoimre ghinearálta ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2012, agus fianaise mhaith tacaíochta tugtha do na conclúidí a bhaintear.

33 - 40 Má tá an freagra sármhaith sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe i.e.

- Is saothar fiúntach é i ndáiríre
- Léiríonn sé gabháil phearsanta shubstaintiúil do theideal dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2012
- Leagann sé amach go mionsonraithe na príomhphointí eolais ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus imscrúdú á dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2012. Léiríonn sé gabháil shubstaintiúil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé fianaise shubstaintiúil gur baineadh úsáid as foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2012 á cur i gcrích.
- Tugann sé achoimre iomlán agus ábhartha ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2012, agus fianaise shubstaintiúil tacaíochta do na conclúidí a bhaintear.

**Cuid B – Machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim, na scileanna agus na heispéiris a baineadh amach trí obair chúrsa a dhéanamh**

*Marcanna* *Critéir Mharcála mar atá soiléir i gCuid B*

0 - 16 Má tá an freagra lag/réasúnta sa tslí a ndéileálann sé leis na ceisteanna socraithe i.e.

- Is píosa saothair beagbhríoch é; tugtar cúis/míniú ar an bhfáth ar roghnaíodh an teideal obair chúrsa nach bhfuil aon ábharthacht nó nach bhfuil ach beagán ábharthachta aige le teideal dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé gabháil phearsanta neamhleor do theideal dualgais roghnaithe 2012. Ní thugann sé ach beagán nó gan aon chur síos ar an léargas a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2012 a dhéanamh
- Léiríonn sé fianaise bhocht ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé gabháil neamhleor do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Gan sainaithint ar bith nó sainaithint bheag déanta ar cheisteanna a d'eascair agus don éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2012 á déanamh
- Gan aon fhianaise nó fianaise bheag tugtha orthu seo a leanas –
  - → Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2012
  - → Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - → Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

17 - 24 Má tá an freagra go maith sa tslí a ndéileálann sé leis na ceisteanna socraithe i.e.

- Is saothar breá é
- Léiríonn sé gabháil phearsanta imleor do theideal dualgais roghnaithe 2012 sa mhéid is go dtugann sé míniú ar roghnú theideal na hoibre cúrsa atá ábhartha ach nach bhfuil go leor fianaise ar shuim phearsanta/ar dhíograis/ar chásmhaireacht

faoi theideal dualgais roghnaithe 2012 ann. Tugann sé cur síos ginearálta ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2012 a dhéanamh

- Léiríonn sé fianaise chruinn ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé gabháil imleor do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé fianaise éigin ar shainaithint ceisteanna a d'eascair agus ar éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2012 á déanamh
- Léiríonn sé fianaise áirithe orthu seo a leanas –
  - → Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2012
  - → Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - → Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

25 - 32 Má tá an freagra an-mhaith sa tslí a ndéileálann sé leis na ceisteanna socraithe i.e.

- Is saothar fiúntach é
- Léiríonn sé gabháil phearsanta shoiléir do theideal dualgais roghnaithe 2012. Tugtar míniú ginearálta agus fianaise éigin ar shuim phearsanta/ar dhíograis/ar chásmhaireacht faoi theideal dualgais roghnaithe 2012. Tugann sé cur síos ginearálta ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2012 a dhéanamh
- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé fianaise shoiléir ar ghabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé sainaithint shoiléir ceisteanna a d'eascair agus éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2012 á déanamh
- Tugann sé fianaise mhaith orthu seo a leanas –
  - → Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2012
  - → Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - → Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

33 - 40 Má tá an freagra sármhaith sa tslí a ndéileálann sé leis na ceisteanna socraithe i.e.

- Is saothar fiúntach é i ndáiríre
- Léiríonn sé gabháil phearsanta shubstaintiúil do theideal dualgais roghnaithe 2012. Tugtar míniú mionsonraithe agus fianaise shoiléir ar shuim phearsanta/ar dhíograis/ar chásmhaireacht faoi theideal dualgais roghnaithe 2012. Tugann sé cur síos mionsonraithe ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2012 a dhéanamh
- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé gabháil shubstaintiúil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse,

measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh

- Léiríonn sé sainaithint shoiléir ceisteanna a d'eascair agus éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2012 á déanamh
- Tugann sé fianaise shubstaintiúil orthu seo a leanas –
  - → Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2012
  - → Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - → Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.